

## Príomhscéalta na Nuachta

**Ceist 1** Beidh tú ag féachaint ar ball ar cheannlínte na nuachta. Sula bhféachfaidh tú ar an tuairisc pléigh an nuacht is déanaí leis an duine in aice leat. Breacaigí síos na ceannlínte a cheapann sibhse a bheidh sa tuairisc.

**Ceist 2** Anois féach ar an tuairisc agus déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail agus na frásaí seo a aimsiú agus tú ag féachaint uirthi. Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

1. timetable \_\_\_\_\_
2. Finance Bill \_\_\_\_\_
3. to enact \_\_\_\_\_
4. agreed \_\_\_\_\_
5. Opposition Parties \_\_\_\_\_
6. amount \_\_\_\_\_
7. legislation \_\_\_\_\_
8. about to exit/retire \_\_\_\_\_
9. special session \_\_\_\_\_
10. Labour Party Spokesperson for Finance \_\_\_\_\_
11. General Election \_\_\_\_\_
12. for the country's image and stability \_\_\_\_\_

**Ceist 3** Anois féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht na tascanna seo a chomhlíonadh. Ansin pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Scríobh amach ceannlínte na míre anois, ach i d'fhocail féin.
2. Scríobh cuntas níos faide faoi cheann amháin de na scéalta eile a bhí sa mhír:

*Údarás na Gaeltachta nó Ainm an Daingin*

Is cuma mura bhfuil mórán eolais agat faoi na scéalta seo – bain úsáid as do shamhlaíocht!

**Ceist 4** ‘...ag fágáil an chruinnithe...’

Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na focail i *gcló iodálach* thuas? Pléigh iad leis an duine in aice leat. Mura bhfuil sibh cinnte cabhróidh an teagascóir libh.

Anois líon na bearnaí leis an fhoirm cheart den ainmfhocal atá idir lúibíní. Cuir **f** in aice leis an ainmfhocal más ainmfhocal firinscneach é agus cuir **b** in aice leis an ainmfhocal más ainmfhocal baininscneach é. Bí in ann a rá conas a bhí a fhios agat inscne na n-ainmfhocal.

1. ag fágáil (an seomra): \_\_\_\_\_
2. ag scuabadh (an t-urlár): \_\_\_\_\_
3. ag glanadh (an fhuinneog): \_\_\_\_\_
4. ag ithe (an fheoil): \_\_\_\_\_
5. ag ól (an fíon): \_\_\_\_\_
6. ag léamh (an iris): \_\_\_\_\_
7. ag léamh (an t-irisleabhar): \_\_\_\_\_
8. ag scríobh (an aiste): \_\_\_\_\_
9. ag déanamh (an obair): \_\_\_\_\_
10. ag fiosrú (an scéal): \_\_\_\_\_
11. ag moladh (an bhean): \_\_\_\_\_
12. ag cáineadh (an cailín): \_\_\_\_\_
13. ag plé (an díospóireacht): \_\_\_\_\_
14. ag bailiú (an t-airgead): \_\_\_\_\_
15. ag scríobh (an litir): \_\_\_\_\_

**Ceist 5** ‘... *líon* na ndaoine...’

a) Cad é an difríocht idir an focal *líon* agus *méid*? Cad é an difríocht idir *líon na ndaoine* agus *méid na ndaoine*?

b) Cuir Gaeilge ar na samplaí seo:

*I could not believe the amount of money that was there.  
The amount of unemployed people is increasing.*

**Ceist 6** ‘... ar bun...’

Is minic an focal *bun* i nathanna cainte na Gaeilge – cuir na frásaí seo in abairtí lena mbrí a léiriú.

*bun ná barr, bun os cionn, i mbun, i mbun a fhocail*

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

Cleachtadh cainte é seo.

### Ceist 2

1. timetable – *amchlár*
2. Finance Bill – *Bille Airgeadais*
3. to enact – *a achtú*
4. agreed – *comhaontaithe*
5. Opposition Parties – *Páirtithe an Fhreasúra*
6. amount – *líon*
7. legislation – *reachtaíocht*
8. about to exit/retire – *ar tí scor*
9. special session – *suí speisialta*
10. Labour Party spokesperson for finance – *urlabhraí airgeadais Pháirtí an Lucht Oibre*
11. General Election – *Olltoghchán*
12. for the country's image and stability – *d'íomhá agus do sheasmhacht na tíre*

### Ceist 3

Ceacht scríofa é seo.

### Ceist 4

Tuiseal ginideach an ainmfhocail san uimhir uatha, tar éis an ainm bhriathartha.

- |                                 |                                   |
|---------------------------------|-----------------------------------|
| 1. ag fágáil (an seomra):       | ag fágáil <i>an tseomra f</i>     |
| 2. ag scuabadh (an t-urlár):    | ag scuabadh <i>an urláir f</i>    |
| 3. ag glanadh (an fhuinneog):   | ag glanadh <i>na fuinneoige b</i> |
| 4. ag ithe (an fheoil):         | ag ithe <i>na feola b</i>         |
| 5. ag ól (an fíon):             | ag ól <i>an fhíona f</i>          |
| 6. ag léamh (an iris):          | ag léamh <i>na hirise b</i>       |
| 7. ag léamh (an t-irisleabhar): | ag leamh <i>an irisleabhair f</i> |
| 8. ag scríobh (an aiste):       | ag scríobh <i>na haiste b</i>     |
| 9. ag déanamh (an obair):       | ag déanamh <i>na hoibre b</i>     |
| 10. ag fiosrú (an scéal):       | ag fiosrú <i>an scéil f</i>       |
| 11. ag moladh (an bhean):       | ag moladh <i>na mná b</i>         |
| 12. ag cáineadh (an cailín):    | ag cáineadh <i>an chailín f</i>   |
| 13. ag plé (an díospóireacht):  | ag plé <i>na díospóireachta b</i> |
| 14. ag bailiú (an t-airgead):   | ag bailiú <i>an airgid f</i>      |
| 15. ag scríobh (an litir):      | ag scríobh <i>na litreach b</i>   |

### Ceist 5

- a) Líon: *amount*, ach baineann sé le daoine.  
Méid: *amount* nó *quantity*, ní bhaintear úsáid as an fhocal seo ag tagairt do dhaoine.  
Líon na ndaoine – duine amháin nó caoga duine.  
Méid na ndaoine – cé chomh mór nó beag, nó ramhar nó tanaí a bhí siad.
- b) Níor chreid mé an méid airgid a bhí ann.  
Tá líon na ndaoine dífhostaithe ag méadú.

### Ceist 6

- bun ná barr – tús nó deireadh, ní raibh bun ná barr leis an obair a rinne sé, *pointless, meaningless*.
- bun os cionn – chuir na páistí an teach bun os cionn nuair a bhí mé ag siopadóireacht, *upside down*.
- i mbun – chonaic mé go raibh an bhean i mbun scríbhneoireachta ag tús an lae, *engaged in*.
- i mbun an fhocail – creidim go ndéanfaidh sé é mar is fear i mbun an fhocail é, *he keeps his word*.

## Éimear Ní Chonaola

Bail ó Dhia oraibh agus bhur gcéad míle fáilte isteach chuig seomra na Nuachta, don nuacht agus spóirt an lae ó Bhaile na hAbhann. Caithfidh muid súil ar dtús ar scéalta móra an lae.

1. An t-amchlár a bhainfidh<sup>i</sup> leis an mbille airgeadais a achtú comhaontaithe ag Páirtithe an Fhreasúra leis an Aire Airgeadais.
2. Titim ar líon na ndaoine atá fostaithe i gcomhlachtaí an Údaráis ó dhá mhíle is a deich ach súil le cúig chéad post nua a chruthú i mbliana.
3. Agus an reachtaíocht maidir le hathrú<sup>ii</sup> ar ainm an Daingin fágtha ar deireadh agus an Dáil ar tí scor.

Tar éis cúpla uair an chloig i mbun cainte tráthnóna, tá sé fógartha ag an Aire Airgeadais Brian Lenihan go bhfuiltear tagtha ar chomhaontú maidir le hachtú an Bhille Airgeadais. Tá an t-amchlár a bhainfidh le hachtú an bhille anois leagtha amach. Tosófar ag plé an bhille sa Dáil amárach. Tá an Seanad le suí speisialta a bheith acu ar an Satharn leis an mbille a phlé agus beifear in ann aon mholadh dá gcuid a phlé arís sa Dáil ina dhiaidh sin.

Ag fágáil an chruinnithe dúirt urlabhraí airgeadais Pháirtí an Lucht Oibre Joan Burton gur cosúil anois gur ar an gcúigiú lá fichead de mhí Feabhra a bheas an t-olltoghchán ar bun.

Níos luaithe dúirt an coimisiún Eorpach go bhfuil sé tábhachtach d'íomhá agus do sheasmhacht na tíre go gcuirfí an Bille Airgeadais fríd an Dáil go luath.

---

<sup>i</sup> a bhainfeas a deirtear go coitianta sa chaint

<sup>ii</sup> le athrú a deirtear